Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2026
(OR. en)

8557/26

LIMITE

COPEN 148
COTER 62
CT 56
ENFOPOL 142
JAI 488

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail lena leasaítear Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc |

**CINNEADH (AE) 2026/…ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh,**
**an Phrótacail lena leasaítear Coinbhinsiún**
**Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 83(1), i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Bealtaine 2023, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún a bheith rannpháirteach, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa chaibidlíocht maidir le hathbhreithniú nó leasú a dhéanamh ar Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc ('an Coinbhinsiún'), d'fhonn an sainmhíniú ar chionta sceimhlitheoireachta a chuimsítear sa Choinbhinsiún sin a mhodhnú. Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil trí inisealacha a chur leis an bPrótacal lena leasaítear Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc ('an Prótacal').

(2) An 9 Iúil 2025, ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa an Prótacal agus thug sé a thuarascáil mhíniúcháin dá aire. An 10 Nollaig 2025, chomhaontaigh Coiste Airí Chomhairle na hEorpa an Prótacal a oscailt lena shíniú an 26 Bealtaine 2026 i Strasbourg na Fraince.

(3) Tá an Prótacal i gcomhréir le cuspóirí slándála an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 67(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), mar atá trí dhlíthe coiriúla a chomhfhogasú chun ardleibhéal slándála a áirithiú chun an choireacht a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht.

(4) Leis an bPrótacal, leasaítear Coinbhinsiún um Sceimhlitheoireacht a Chosc trí leasú a dhéanamh ar an sainmhíniú ar 'cion sceimhlitheoireachta' a leagtar síos in Airteagal 1 de ('an sainmhíniú leasaithe').

PUBLIC

(5) Leis an sainmhíniú leasaithe, tugtar aghaidh ar an ngá sainmhíniú dlíthiúil níos leithne agus níos oiriúnaí ar 'cion sceimhlitheoireachta’ a ghlacadh i gComhairle na hEorpa chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a bhaineann leis an bhfrithsceimhlitheoireacht.

(6) Is é is aidhm don sainmhíniú leasaithe breisluach substainteach a chur ar fáil maidir leis an sceimhlitheoireacht agus a himpleachtaí diúltacha a chosc, chomh maith le comhar idirnáisiúnta, lena n-áirítear an comhar breithiúnach, cúnamh dlíthiúil frithpháirteach agus iarrataí ar eiseachadadh i measc na Stát is Páirtithe sa Phrótacal agus sa Choinbhinsiún.

(7) Trína rannpháirtíocht sa chaibidlíocht, thar ceann an Aontais, d’áirithigh an Coimisiún comhoiriúnacht an Phrótacail le rialacha ábhartha an Aontais. Go háirithe, tá an sainmhíniú leasaithe comhoiriúnach agus comhsheasmhach le sainmhíniú ar ‘cion sceimhlitheoireachta’ dá bhforáiltear i ndlí an Aontais mar a leagtar síos in Airteagal 3 de Threoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

---

[1] Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, s. 6, http://data.europa.eu/eli/dir/2017/541/oj).



PUBLIC

(8) Athdhearbhaítear i mBrollach a ghabhann leis an bPrótacal go bhfuil na bearta uile a rinneadh chun cionta sceimhlitheoireachta a chosc nó a chur faoi chois sa Phrótacal le bheith i gcomhréir le cearta daonna agus saoirsí bunúsacha ábhartha, go háirithe na cearta agus saoirsí sin a chumhdaítear sa Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, mar aon le hoibleagáidí eile faoin dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Tá sé sin i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le hoibleagáidí an Aontais faoin dlí idirnáisiúnta.

PUBLIC

(9) Ós rud é gur Páirtí é an tAontas sa Choinbhinsiún, tá an Prótacal ar oscailt lena shíniú agus lena dhaingniú ag an Aontas. Ba cheart an tAontas a bheith ina pháirtí sa Phrótacal in éineacht lena Bhallstáit, ós rud é go gcomhroinneann an tAontas agus na Ballstáit inniúlachtaí sna réimsí a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún a leasaítear leis an bPrótacal. D’fheidhmigh an tAontas a inniúlacht trí Threoir (AE) 2017/541 a ghlacadh. I réimsí inniúlachta comhroinnte, coinníonn na Ballstáit a n-inniúlacht sa mhéid nach ndéanann an Prótacal difear do rialacha comhchoiteanna de chuid an Aontais ná nach n-athraíonn sé a raon feidhme. Ní dochar an Cinneadh seo do shíniú an Phrótacail ag na Ballstáit, i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha.

(10) Tá sé beartaithe le síniú pras an Phrótacail ag an Aontas go cuirtear i dtábhacht tacaíocht an Aontais do shainmhíniú coiteann uile-Eorpach ar ‘cion sceimhlitheoireachta’ rud a mheastar a chuirfidh feabhas ar iarrachtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac. Le síniú pras an Phrótacail, tá sé beartaithe go n-éascaítear teacht i bhfeidhm tráthúil an Phrótacail freisin.

(11) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le CFAE, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(12) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart an Prótacal a shíniú thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear síniú an Phrótacail lena leasaítear Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi réir thabhairt i gcrích an Phrótacail sin.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh i bhfeidhm an lá tar éis dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC